BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Ceathrú Dlísheomra)

4 Deireadh Fómhair 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Beartas sóisialta – Cóir chomhionann idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha – Treoir 2006/54/CE – Airteagal 2(1)(e) – An coincheap 'pá' – Airteagal 4 – Toirmeasc ar idirdhealú indíreach ar bhonn gnéis)

I gCás C-314/23,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Audiencia Nacional (Ard-Chúirt Náisiúnta, an Spáinn), trí bhreith an 17 Márta 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 22 Bealtaine 2023, sna himeachtaí

Sindicato de Tripulantes Auxiliares de Vuelo de Líneas Aéreas (STAVLA),

Ministerio Fiscal

v

Air Nostrum, Líneas Aéreas del Mediterráneo SA,

Federación de Servicios de Comisiones Obreras (CCOO),

Unión General de Trabajadores (UGT),

Unión Sindical Obrera (USO),

Comité de empresa de Air Nostrum Líneas Aéreas del Mediterráneo SA,

Dirección General de Trabajo agus Instituto de las Mujeres,

idiragraithe:

Sindicato Español de Pilotos de Líneas Aéreas (SEPLA),

Sindicato Unión Profesional de Pilotos de Aerolíneas (UPPA),

tugann AN CHÚIRT (an Ceathrú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: C. Lycourgos, Uachtarán Dlísheomra, O. Spineanu-Matei, J.-C. Bonichot, S. Rodin agus L. S. Rossi (Rapóirtéir), Breithiúna,

* Teanga an cháis: an Spáinnis.

Abhcóide Ginearálta: M. Szpunar,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 19 Márta 2024,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Ministerio Fiscal, ag M. Campoy Miñarro, i gcáil Gníomhaire,

– Air Nostrum, Líneas Aéreas del Mediterráneo SA, ag N. Navarro Moreno, abogada,

– Unión General de Trabajadores (UGT), ag C. Cortés Suárez, abogada,

– Sindicato Español de Pilotos de Líneas Aéreas (SEPLA), ag E. López García agus Ó. Orgeira Rodríguez, abogados,

– Rialtas na Spáinne, ag A. Gavela Llopis agus M. Morales Puerta, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Danmhairge, ag D. Elkan, M. Jespersen, J. Kronborg agus C. A.-S. Maertens, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Sualainne, ag H. Eklinder agus C. Meyer-Seitz, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag I. Galindo Martín agus E. Schmidt, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 6 Meitheamh 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 14(1)(c) de Threoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha (IO 2006 L 204, lch. 23).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Sindicato de Tripulantes Auxiliares de Vuelo de Líneas Aéreas (STAVLA) (Ceardchumann a dhéanann ionadaíocht ar bhaill den fhoireann cábáin (STAVLA)) agus Ministerio Fiscal (Ionchúisitheoir Poiblí, an Spáinn) agus Air Nostrum, Líneas Aéreas del Mediterráneo SA ('Air Nostrum'), an Federación de Servicios de Comisiones Obreras (CCOO), an Unión General de Trabajadores (UGT), an Unión Sindical Obrera (USO), an Comité de empresa de Air Nostrum Líneas Aéreas del Mediterráneo SA, an Dirección General de Trabajo agus an Instituto de las Mujeres, maidir leis an gcomhaontú comhchoiteann is infheidhme maidir le baill d'fhoireann cábáin Air Nostrum.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

3 Foráiltear mar seo a leanas in aithris 9 de Threoir 2006/54:

‘I gcomhréir le cásdlí socair na Cúirte Breithiúnais, chun a mheas an bhfuil an obair chéanna nó obair ar chomhionann a luach á déanamh ag na hoibrithe, is gá scrúdú a dhéanamh an féidir a mheas, ag féachaint do réimse tosca, amhail cineál na hoibre, na dálaí oiliúna agus na dálaí oibre, go bhfuil na hoibrithe sin i staid inchomparáide.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le hAirteagal 2(1) den Treoir sin, dar teideal ‘Sainmhínithe’:

‘Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn:

[…]

(b) “idirdhealú indíreach”: an cás ina gcuirfeadh foráil, critéar nó cleachtas a dhealraíonn a bheith neodrach daoine de ghnéas amháin faoi mhíbhuntáiste ar leith i gcomparáid le daoine den ghnéas eile, ach amháin má tá údar oibiachtúil leis an bhforáil, leis an gcritéar nó leis an gcleachtas sin ar bhonn aidhm dhlisteanach, agus má tá na modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach iomchuí agus riachtanach;

[…]

(e) “pá”: an gnáthphá nó an gnáth-thuarastal bunaidh nó íosta maille le haon chomaoin eile, in airgead nó i gcomhchineál, a fhaigheann an t-oibrí, go díreach nó go hindíreach, óna fhostóir as ucht a fhostaíochta.

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 4 den Treoir sin, dar teideal ‘Toirmeasc ar idirdhealú’:

‘Cuirfear deireadh le hidirdhealú díreach agus indíreach ar bhonn gnéis i ndáil le gach gné agus coinníoll pá as an obair chéanna nó obair dá dtugtar an luach comhionann.

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear le hAirteagal 14(1) den Treoir sin, dar teideal ‘Toirmeasc ar idirdhealú’:

‘Ní dhéanfar aon idirdhealú díreach ná indíreach ar bhonn gnéis san earnáil phoiblí ná san earnáil phríobháideach, lena n-áirítear comhlachtaí poiblí, maidir leis an méid seo a leanas:

[…]

(c) dálaí fostaíochta agus oibre, lena n-áirítear coinníollacha maidir leis an dífhostú agus leis an bpá, dá bhforáiltear in Airteagal 141 den Chonradh;

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Spáinne

7 Foráiltear le hAirteagal 3 den Real Decreto Legislativo 2/2015, por el que se aprueba el texto refundido de la Ley del Estatuto de los Trabajadores (Foraithne Reachtach Ríoga 2/2015 lena nglactar téacs athmhúnlaithe an Dlí maidir le Reacht na nOibrithe) an 23 Deireadh Fómhair 2015 (BOE Uimh. 255 an 24 Deireadh Fómhair 2015) (‘Reacht na nOibrithe’), dar teideal ‘Foinsí an chaidrimh fostaíochta’:

‘1. Rialaítear cearta agus oibleagáidí a bhaineann leis an gcaidreamh fostaíochta:

(a) le dlíthe agus Rialacháin an Stáit;

(b) le comhaontuithe comhchoiteanna;

[…]’

8 Foráiltear le hAirteagal 4(2)(c) de Reacht na nOibrithe:

‘Sa chaidreamh fostaíochta, ní féidir le hoibrithe:

[…]

(c) a bheith faoi réir idirdhealú, go díreach nó go hindíreach, ar earcaíocht nó nuair a fhostaítear iad, ar bhonn gnéis, stádas pósta, aois laistigh de na teorainneacha a leagtar síos sa Dlí seo, bunús ciníoch nó eitneach, riocht sóisialta, reiligiún nó creideamh, creideamh polaitiúil, gnéaschlaonadh agus féiniúlacht, léiriú inscne, tréithe gnéis, ballraíocht i gceardchumann, chomh maith le cúiseanna teanga, laistigh de Stát na Spáinne.’

9 De réir Airteagal 26(2) den Reacht sin:

‘Maidir le méideanna a fhaigheann an t-oibrí mar chúiteamh nó a fhorlíontar le speansais a thabhaítear mar thoradh ar a ghníomhaíocht ghairmiúil, sochair agus liúntais slándála sóisialta agus liúntais a chomhfhreagraíonn d’aistrithe, d’fhionraithe nó do dhífhostú, ní mheasfar gur pá iad.’

An díospóid sna príomhimeachtaí agus an cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

10 Rialaítear an caidreamh fostaíochta idir Air Nostrum, ar thaobh amháin, agus a fhoireann talún agus a fhoireann cábáin, ar an taobh eile, le comhaontú comhchoiteann arna shíniú ag bainistíocht Air Nostrum agus ceardchumainn áirithe agus arna fhoilsiú in *Boletín Oficial del Estado* (BOE) an 14 Eanáir 2019 ('comhaontú TCP').

11 Rialaítear an caidreamh fostaíochta idir Air Nostrum agus a chuid píolótaí le comhaontú comhchoiteann eile arna shíniú ag bainistíocht Air Nostrum agus ceardchumainn eile agus arna fhoilsiú in BOE an 13 Bealtaine 2020 ('comhaontú na bpíolótaí').

12 Rialaítear liúntais laethúla lena gcumhdaítear na costais, cé is moite dóibh siúd a ghabhann le cóiríocht agus iompar, arna dtabhú ag baill den fhoireann cábáin agus ag píolótaí faoi seach le linn a dturas gnó ('liúntais laethúla'), le hAirteagal 93 de chomhaontú TCP agus le hAirteagal 16.19 de chomhaontú na bpíolótaí.

13 An 8 Samhain 2022, thug STAVLA caingean os comhair an Audiencia Nacional (Ard-Chúirt Náisiúnta, an Spáinn), arb í an chúirt a rinne an tarchur, ag iarraidh, *inter alia*, Airteagal 93 de chomhaontú TCP a neamhniú. De réir STAVLA, le tacaíocht ón Ionchúisitheoir Poiblí, tugtar isteach leis an Airteagal sin i ndálaí oibre idirdhealú indíreach ar bhonn gnéis, a thoirmisctear le hAirteagal 14(1)(c) de Threoir 2006/54.

14 I ndáil leis sin, tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, ar an gcéad dul síos, go bhfuil méid na liúntas laethúil dá bhforáiltear le comhaontú TCP i bhfad níos ísle ná an méid dá bhforáiltear le comhaontú na bpíolótaí. Ina dhiaidh sin, is léir ó staidéir éagsúla gur mná iad 94 % de bhaill fhoireann an chábáin agus gur fir iad 93.71 % de phíolótaí. Ar deireadh, ní fhéadfaí breathnú ar liúntais laethúla mar phá, faoi dhlí fostaíochta na Spáinne, i ndáil le hAirteagal 26(2) de Reacht na nOibrithe, a dhéanann iad a eisiamh go sainráite ón gcoincheap sin, agus faoi dhlí an Aontais, go háirithe Airteagal 157 CFAE agus Airteagal 2(1)(e) de Threoir 2006/54. Toisc nach n-íocann na liúntais sin as obair shonrach, baineann siad le dálaí oibre, ionas nach bhféadfadh luach éagsúil na hoibre a dhéanann píolótaí agus an fhoireann cábáin údar a thabhairt le difríocht i méid na liúntas sin.

15 Sna himthosca sin, chinn an Audiencia Nacional (Ard-Chúirt Náisiúnta) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú:

'An idirdhealú indíreach ar bhonn gnéis é sna dálaí oibre, nach bhfuil ag luí le dlí an [Aontais] mar a bhfuil toirmeasc air le hAirteagal 14(1)(c) de Threoir 2006/54, go ndéanann [Air Nostrum] cúiteamh, do ghrúpa oibrithe amhail an fhoireann cábáin, atá comhdhéanta de mhná den chuid is mó, as na costais atá le seasamh ar thurais, seachas na costais a bhaineann le taisteal agus le lóistín, de mhéid atá níos ísle ná an méid a fhaigheann grúpa eile oibrithe atá comhdhéanta d'fhir den chuid is mó chun na críche céanna, amhail píolótaí, i gcás inarb é is cúis leis an difríocht sa chóir sin ná go bhfuil gach grúpa faoi réir chomhaontú comhchoiteann éagsúil, ar comhaontuithe iad a shocraíonn an gnóthas sin trí idirbheartaíocht ach le hionadaithe ceardchumainn éagsúla de réir Airteagal 87 [de Reacht na nOibrithe]?'

Maidir le seasmhacht ábhar na díospóide sna príomhimeachtaí

16 Sna barúlacha a taisceadh i gClárlann na Cúirte an 29 Meán Fómhair 2023, measann an Sindicato Español de Pilotos de Líneas Aéreas (SEPLA) nach gá breithniú a dhéanamh a thuilleadh ar an iarraidh ar réamhrialú ar an bhforas gur tharraing STAVLA a chaingean sin siar os comhair na cúirte a rinne an tarchur an 21 Meán Fómhair 2023.

17 Is léir ó na doiciméid os comhair na Cúirte, áfach, gur chinn an chúirt a rinne an tarchur, le hordú ón 26 Deireadh Fómhair 2023, d'ainneoin tharraingt siar STAVLA, nach raibh an díospóid os a comhair gan cuspóir, ós rud é gur ceadaíodh leis an dlí nós imeachta náisiúnta don Ionchúisitheoir Poiblí é féin a chur in ionad STAVLA mar iarratasóir.

18 Dá bhrí sin, ós rud é gur choinnigh an díospóid sna príomhimeachtaí a cuspóir, is gá rialú a thabhairt ar an iarraidh ar réamhrialú.

An cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

19 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann an cheist a tharchuir an chúirt a rinne an tarchur le trí réamhbhreith.

20 Dá bhrí sin, ar an gcéad dul síos, measann an chúirt sin, laistigh de Air Nostrum, gur oibrithe baineanna iad baill foirne cábáin den chuid is mó agus gur oibrithe fireanna iad píolótaí den chuid is mó.

21 Ar an dara dul síos, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire go bhfuil méid na liúntas laethúil a íoctar ar bhonn ráta comhréidh le baill foirne cábáin as costais áirithe arna dtabhú acu agus na seirbhísí dá bhforáiltear ina gconradh fostaíochta á gcomhlíonadh acu i bhfad níos ísle ná méid na liúntas laethúil a íoctar ar bhonn ráta comhréidh le píolótaí as na costais chéanna.

22 Ní faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé, i gcomhthéacs tarchur chun réamhrialú, cruinneas an dá réamhbhreith fhíorasacha sin a fhíorú, ós rud é go dtagann gach measúnú ar fhíorais an cháis faoi dhlínse na cúirte náisiúnta (féach, chuige sin, breithiúnais an 1 Iúil 2008, *MOTOE* C-49/07, EU:C:2008:376, mír 30, agus an 13 Meitheamh 2024, *Adient* C-533/22, EU:C:2024:501, mír 33).

23 Mar sin féin, baineann an cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú ar bhonn an tríú réamhbhreith, ag féachaint dá gcuspóir, go dtagann na liúntais laethúla atá i gceist sna príomhimeachtaí faoi dhálaí oibre na n-oibrithe lena mbaineann, de réir bhrí an dlí náisiúnta agus Airteagal 14(1)(c) de Threoir 2006/54, agus ní a bpá, de réir bhrí Airteagal 157 CFAE agus Airteagal 2(1)(e) agus Airteagal 4 den Treoir sin.

24 Ar an gcéad dul síos, faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE, lena bhforáiltear do chomhar idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé freagra a thabhairt don chúirt náisiúnta a bheidh úsáideach di agus lena gcuirfear ar a cumas cinneadh a dhéanamh sa díospóid atá roimpi. Chuige sin, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé, i gcás inarb iomchuí, na ceisteanna a chuirtear faoina bráid a chur i bhfocail eile. Toisc gur scríobh cúirt náisiúnta ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú trí thagairt a dhéanamh d'fhorálacha áirithe de dhlí an Aontais, ní chuireann sé sin cosc ar an gCúirt Bhreithiúnais na léirmhínithe a d'fhéadfadh a bheith ina gcúnamh le linn breithniú a dhéanamh ar an gcás os a comhair a chur ar fáil don chúirt sin, cibé acu ar tharchuir sí chucu i bhfoclaíocht a ceisteanna nó

nach ndearna. Chuige sin, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé, ag féachaint ar an ábhar go léir a sholáthair an chúirt náisiúnta, agus go háirithe an t-ábhar sa ráiteas ar na cúiseanna leis an ordú tarchuir, na heilimintí de dhlí an Aontais is gá a léiriú i bhfianaise ábhar na díospóide sna príomhimeachtaí a tharraingt amach (breithiúnas an 21 Meán Fómhair 2023, *Juan*, C-164/22, EU:C:2023:684, mír 24 agus an cásdlí dá dtagraítear).

25 Ar an dara dul síos, cé go dtoirmisctear le hAirteagal 14(1) de Threoir 2006/54 aon idirdhealú indíreach ar bhonn gnéis i ndálaí fostaíochta agus oibre, ní thoirmisctear le hAirteagal 4 den Treoir sin difríocht sa chóir i bpá oibrithe ach amháin a mhéid a bhaineann sé leis an obair chéanna nó obair dá dtugtar an luach comhionann.

26 D'fhonn freagra úsáideach a thabhairt don chúirt a rinne an tarchur, is gá, dá bhrí sin, an réamhbhreith lena mbaineann an cheist a tharchuirtear a fhíorú ar dá réir nach ionann na liúntais atá i gceist sna príomhimeachtaí agus cuid de phá píolótaí agus foirne cábáin de réir bhrí Threoir 2006/54.

27 Sna himthosca sin, ní mór a mheas, de réir a ceiste, go n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 2(1)(e) agus Airteagal 4 de Threoir 2006/54 a léiriú sa chaoi, ar an gcéad dul síos, gur idirdhealú indíreach ar bhonn gnéas a thoirmisctear leis an Treoir sin iad liúntais laethúla lena gcúitítear, ar bhonn ráta comhréidh, costais áirithe arna dtabhú ag oibrithe mar thoradh ar a dturais ghnó nó, os a choinne sin, a ndálaí oibre, agus, ar an dara dul síos, difríocht sa chóir idir méid na liúntas sin, ag brath ar cé acu a dheonaítear nó nach ndeonaítear iad do ghrúpa oibrithe atá comhdhéanta d'fhir den chuid is mó nó do ghrúpa oibrithe atá comhdhéanta de mhná den chuid is mó.

28 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur coincheap uathrialach de dhlí an Aontais é an coincheap 'pá' a shainmhínítear in Airteagal 2(1)(e) de Threoir 2006/54, nach mór a léiriú go leathan (féach, de réir analaí, breithiúnais an 7 Márta 1996, *Freers agus Speckmann*, C-278/93, EU:C:1996:83, mír 16, agus an 19 Meán Fómhair 2018, *Bedi*, C-312/17, EU:C:2018:734, mír 33).

29 Leanann sé ó fhoclaíocht Airteagal 2(1)(e), de réir bhrí na forála sin, go gcumhdaíonn 'pá' ní hamháin pá ach 'aon chomaoin eile, in airgead nó i gcomhchineál, a fhaigheann an t-oibrí, go díreach nó go hindíreach, óna fhostóir as ucht a fhostaíochta'.

30 Is léir gurb ionann liúntais laethúla, amhail na liúntais atá i gceist sna príomhimeachtaí, agus buntáiste eacnamaíoch a íocann an fostóir in airgead tirim go díreach leis an oibrí, arb é is aidhm dó costais áirithe a chúiteamh, ar bhonn ráta comhréidh, ar costais iad a d'fhéadfadh a bheith tabhaithe ag an oibrí agus na hoibleagáidí a eascraíonn as a chonradh fostaíochta á gcomhlíonadh aige.

31 Ní leor an fíoras, a chuir an chúirt a rinne an tarchur i dtábhacht, nach n-íocann na liúntais laethúla sin as obair shonrach arna ríomh in aghaidh an aonaid ama nó in aghaidh an aonaid oibre chun na liúntais laethúla sin a dhíolmhú ón gcoincheap 'pá', de réir bhrí Airteagal 2(1)(e) de Threoir 2006/54.

32 Ní léir ón bhforáil sin go gceanglaítear le coincheap den sórt sin an buntáiste a íocann an fostóir chun íoc as obair shonrach, ós rud é nach féidir buntáiste den sórt sin a íoc ach amháin 'mar gheall ar fhostaíocht' an oibrí (féach, de réir analaí, breithiúnas an 19 Meán Fómhair 2018, *Bedi*, (C-312/17, EU:C:2018:734, mír 34).

33 Sa chás seo, is léir ón ordú tarchuir gurb é cuspóir na liúntas laethúil cúiteamh a thabhairt ar ráta comhréidh ar chostais áirithe arna dtabhú ag na hoibrithe lena mbaineann mar thoradh ar na turais a dhéanann siad faoina gconradh fostaíochta, is é sin le rá mar gheall ar a bhfostaíocht.

34 Murab ionann agus an méid a thugann an Coimisiún Eorpach faoi deara, ní thugtar an léiriú sin faoi cheist leis an gcásdlí a d'eascair as breithiúnas an 15 Meán Fómhair 2011, *Williams agus páirtithe eile* (C-155/10, EU:C:2011:588, mír 25), ar dá réir nár cheart gnéithe de phá iomlán an oibrí atá beartaithe go heisiach chun costais ócáideacha nó theagmhasacha a eascraíonn as comhlíonadh na gcúraimí atá ar an oibrí faoina chonradh fostaíochta a chur san áireamh agus an íocaíocht atá le híoc le linn saoire bhliantúil á ríomh.

35 Sa bhreithiúnas sin, nach raibh baint aige le Treoir 2006/54 ach le Treoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le heagrú ama oibre (IO 2003 L 299, lch. 9), níor luaigh an Chúirt ach go bhféadfadh an pá a bheith comhdhéanta do roinnt gnéithe, nár cheart cuid acu a chur san áireamh chun na suimeanna atá le híoc leis an bhfostaí i leith a shaoire bliantúla a ríomh. Ar an taobh eile, níor mheas an Chúirt ar bhealach ar bith nár chuid de phá an oibrí iad eilimintí den sórt sin.

36 Chomh maith leis sin, ní bhaineann sé leis an gcás seo, ar chuir an Coimisiún béim air, gur chinn an Chúirt, i mbreithiúnas an 8 Iúil 2021, *Rapidsped* (C-428/19, EU:C:2021:548, mír 54), nach mór an dara fomhír d'Airteagal 3(7) de Threoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO 1997 L 18, lch. 1) a léiriú sa chaoi gurb ionann liúntas laethúil a bhfuil a mhéid éagsúil de réir fhad phostú an oibrí agus liúntas a bhaineann go sonrach leis an bpostú atá mar chuid den phá íosta, mura rud é, *inter alia*, go n-íoctar é mar aisíocaíocht ar chaiteachas arna thabhú iarbhír mar gheall ar an bpostú, amhail caiteachas ar thaisteal, lóistín agus béilí.

37 Cé is moite de nach raibh baint ag an mbreithiúnas sin freisin le Treoir 2006/54, ós rud é nach bhfuil liúntas arna íoc mar aisíocaíocht ar chaiteachas arna thabhú iarbhír mar gheall ar an bpostú ina chuid den phá íosta ar bhealach ar bith, ní chuirtear cosc ar liúntais ar ráta comhréidh, amhail na liúntais atá i gceist sna príomhimeachtaí, a bheith ina ngné de phá, de réir bhrí Airteagal 2(1)(e) de Threoir 2006/54, nach bhfuil, mar is léir ó mhír 29 den bhreithiúnas seo, teoranta don phá amháin.

38 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór a mheas, cé gur fíor nach n-íoctar liúntais laethúla, amhail na liúntais atá i gceist sna príomhimeachtaí, mar chúiteamh ar obair, is amhlaidh fós gurb ionann iad agus buntáiste arna dheonú ag an bhfostóir do na hoibrithe lena mbaineann i ndáil lena bhfostaíocht agus go dtagann siad faoin gcoincheap 'pá', mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1)(e) de Threoir 2006/54, seachas dálaí oibre, de réir bhrí Airteagal 14(1)(c) den Treoir sin.

39 Sa chás seo, tugann an chúirt a rinne an tarchur le tuiscint go bhfuil difríocht indíreach sa chóir ar bhonn gnéis ós rud é, ar an gcéad dul síos, go bhfuil an fhoireann cábáin comhdhéanta de mhná den chuid is mó agus gur oibrithe fireanna iad píolótaí den chuid is mó agus, ar an dara dul síos, go bhfuil méid na liúntas laethúil a íoctar le baill den fhoireann cábáin i bhfad níos ísle ná méid na liúntas laethúil a íoctar le píolótaí.

40 Mar sin féin, leanann sé ó Airteagal 4 de Threoir 2006/54 nach bhféadfadh difríocht den sórt sin sa chóir maidir le pá na n-oibrithe atá i gceist sna príomhimeachtaí a bheith ina idirdhealú indíreach ar bhonn gnéis, a thoirmisctear leis an bhforáil sin, ach amháin dá n-íocfaí an pá sin 'as an obair chéanna nó obair dá dtugtar an luach comhionann'.

41 I ndáil leis sin, mar is léir ó aithris 9 de Threoir 2006/54, chun a mheas an bhfuil an obair chéanna nó obair ar chomhionann a luach á déanamh ag na hoibrithe, ba cheart roinnt tosca a chur san áireamh, amhail cineál na hoibre, na dálaí oiliúna agus na dálaí oibre.

42 Mar sin féin, is léir nach ndéanann baill den fhoireann cábáin ná píolótaí an obair chéanna. Thairis sin, i bhfianaise na hoiliúna is gá chun gairm an phíolóta agus na freagrachtaí a ghabhann léi a chur i gcrích, ní féidir a mheas go bhfuil an luach céanna ag obair na bpíolótaí agus atá ag obair na mball den fhoireann cábáin, de réir bhrí Airteagal 4 de Threoir 2006/54.

43 Sna himthosca sin, ní féidir an difríocht indíreach sa chóir dá dtagraítear i mír 39 den bhreithiúnas seo a aicmiú mar idirdhealú indíreach ar bhonn gnéis, de réir bhrí Threoir 2006/54.

44 Dá bhrí sin, ní gá freagra a thabhairt ar an gceist an bhféadfadh údar a thabhairt le difríocht indíreach den sórt sin sa chóir toisc go bhforáiltear do na buntáistí atá i gceist le comhaontuithe comhchoiteanna ar leithligh arna dtabhairt i gcrích idir páirtithe éagsúla.

45 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, is é an freagra ar an gceist a tharchuirtear ná nach mór Airteagal 2(1)(e) agus Airteagal 4 de Threoir 2006/54 a léiriú sa chaoi, ar an gcéad dul síos, nach dtoirmisctear leis an Treoir sin liúntais laethúla lena gcúitítear, ar bhonn ráta comhréidh, costais áirithe arna dtabhú ag oibrithe mar thoradh ar a dturais ghnó atá mar chuid dá bpá agus, ar an dara dul síos, difríocht idir méid na liúntas sin, ag brath ar cé acu a dheonaítear nó nach ndeonaítear iad do ghrúpa oibrithe atá comhdhéanta d'fhir den chuid is mó nó do ghrúpa oibrithe atá comhdhéanta de mhná den chuid is mó, i gcás nach ndéanann an dá ghrúpa oibrithe sin an obair chéanna nó obair dá dtugtar an luach comhionann.

Costais

46 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Ceathrú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 2(1)(e) agus Airteagal 4 de Threoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ar an gcéad dul síos, nach dtoirmisctear leis an Treoir sin liúntais laethúla lena gcúitítear, ar bhonn ráta comhréidh, costais áirithe arna dtabhú ag oibrithe mar thoradh ar a dturais ghnó atá mar chuid dá bpá agus, ar an dara dul síos, difríocht idir méid na liúntas sin, ag brath ar cé acu a dheonaítear nó nach ndeonaítear iad do ghrúpa oibrithe atá comhdhéanta d'fhir den chuid is mó nó do ghrúpa oibrithe atá comhdhéanta de mhná den chuid is mó, i gcás nach ndéanann an dá ghrúpa oibrithe sin an obair chéanna nó obair dá dtugtar an luach comhionann.

[Sínithe]